## An Comórtas

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu faoi choinne post mar Oifigeach Cúnta Foirne (Grád IV).

Is ar an bhonn seo a leanas anois a thabharfar faoi shocruithe earcaíochta don ghrád seo:

Déanfaidh an Chomhairle trí phainéal dhifriúla d'iarrthóirí a mbeidh na cáilíochtaí cuí acu a bhunú, le freastal ar na riachtanais atá comhaontaithe ar bhonn náisiúnta i dtaca le cóimheas na bpost a bheas teoranta d'earnáil an rialtais áitiúil, na poist a bheas oscailte agus na poist a bheas teoranta d'fhoireann Chomhairle Contae Dhún na nGall. Cinntear ord na n-iarrthóirí ar gach ceann de na trí phainéal tríd an áit a bhain siad amach ar Liosta foriomlán an Oird Fiúntais.

Cuimseoidh Painéal **A** (Teoranta d'Earnáil an Rialtais Áitiúil) iarrthóirí rathúla, in ord fiúntais, as measc Earnáil an Rialtais Áitiúil amháin i.e. iarrthóirí a oibríonn in údarás áitiúil nó Tionól Réigiúnach (nuair is cuí).

Cuimseoidh Painéal **B** (oscailte) gach iarrthóir rathúil in ord fiúntais agus d'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé iarrthóirí a oibríonn in údarás áitiúil, i dtionól réigiúnach agus iarratasóirí seachtracha.

Cuimseoidh Painéal **C** (teoranta don údarás áitiúil atá ag earcú) gach iarratasóir rathúil in ord fiúntais i.e. iarrthóirí atá ag obair i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Chun na gcríoch atá leagtha amach thuas, tuigtear nach gcuimsíonn painéal earnála A ach na hÚdaráis Áitiúla uilig agus na trí Thionól Réigiúnacha amháin. Níl baill foirne nach fostaithe reatha iad de chuid údaráis áitiúla ná tionóil réigiúnacha i dteideal cur isteach ar chomórtais atá teoranta don earnáil (Painéal A) ná don údarás áitiúil (Painéal C).

## 1. An Post

Oibríonn Oifigigh Cúnta Foirne i rannóga éagsúla den eagraíocht agus beidh éagsúlachta sna dualgais de réir mar a shanntar iad.

Bheifí ag súil leis go gcuirfeadh sealbhóirí poist feabhas i gcónaí le héifeachtacht ghinearálta na rannóige dá sanntar iad.

**(d) Scileanna Riachtanacha**

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go bhfuil na scileanna a leanas acu:

**Scileanna Pleanála agus Eagrúcháin.**

- Cumas acmhainní a bhainistiú
- Cumas croí-cheisteanna/éilimh a anailísiú agus a shainaithint
- Cumas bheith ag obair faoi bhrú i dtimpeallacht thrasfheidhmeach agus de réir spriocamanna dochta.

**Treallús agus torthaí a sholáthar, e.g.**

- Dea-theist gnóthachtála.
- Fuascailt agus réiteach fadhbanna.
- Ardleibhéal pointeáilteachta.
- Cloí le héagsúlacht de pholasaithe / caighdeáin.
- Breithiúnas agus cumas bheith ag obair go neamhspleách.

**Scileanna Idirphearsanta agus cumarsáid éifeachtach, e.g.**

- Scileanna éifeachtacha cumarsáide labhartha agus scríofa.
- Cumas smaointe a chur i láthair go héifeachtach agus cur i láthair a dhéanamh do ghrúpaí.
- Cumas scríobh go líofa agus tuairiscí soiléire dea-struchtúrtha a ullmhú.

**Comhoibriú le daoine eile agus obair foirne, e.g.**

- Caidreamh éifeachtach oibre (go hinmheánach agus ar bhonn seachtrach) a chothú.
- Bheith in ann obair mar chuid d'fhoireann.
- Baill foirne a stiúradh, a spreagadh agus a bhainistiú agus foirne éifeachtacha a fhorbairt.
- Fócas ar chustaiméirí.

**Eolas agus Taithí Ábhartha, e.g.**

- Eolas ar Rialtas Áitiúil & ar an Chomhairle ar bhonn ginearálta.
- Eolas agus feasacht ar chroí-cheisteanna tráthúla agus tosaíochta.
- Tuiscint ar réadúlacht pholaitiúil / comhthéacs taobh thiar de cheisteanna.
- Tuiscint ar chaighdeáin comhlíontachta, agus ar pholasaithe, gnáthaimh agus reachtaíocht

